Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

11283/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0156(NLE)**

**IXIM 157**
**JAI 1033**
**ENFOPOL 256**
**CRIMORG 131**
**JAIEX 75**
**AVIATION 95**
**DATAPROTECT 151**
**ISL 35**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn maidir le haistriú sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn maidir le haistriú sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2) agus Airteagal 87(2), pointe (a), i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

1 Toiliú an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2025/… ón gComhairle[2+], síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn maidir le haistriú sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (‘an Comhaontú’) an …[++], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) Leis an gComhaontú, foráiltear d’aistriú sonraí PNR ag aeriompróirí ón Aontas chuig an Íoslainn agus lánurraim á tabhairt do na cearta dá bhforáiltear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart go ndéanfar an saol phríobháideach agus an saol teaghlaigh a urramú, agus an ceart go gcosnófaí sonraí pearsanta, mar a aithnítear in Airteagail 7 agus 8, faoi seach, de. Go háirithe, sa Chomhaontú tá coimircí iomchuí chun sonraí pearsanta arna n-aistriú faoi a chosaint.

(3) Leis an gComhaontú, cothaítear comhar póilíneachta agus breithiúnach idir údaráis inniúla na hÍoslainne agus údaráis inniúla na mBallstát mar aon le Europol agus Eurojust, agus é mar aidhm aige sin feabhas a chur ar a gcumais teorainneacha seachtracha an Aontais agus na hÍoslainne a neartú, chomh maith leis an tslándáil inmheánach a áirithiú go héifeachtach in éagmais rialuithe ag teorainn teorainneacha inmheánacha laistigh de limistéar Schengen.

---

[2] Cinneadh (AE) 2025/… ón gComhairle an … maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn maidir le haistriú sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L, …, ELI: …).

[+] IO: cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 11282/25 agus cuir isteach san fhonóta uimhir, dáta agus tagairt IO an Chinnidh sin.

[++] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Chomhaontaithe atá i ndoiciméad ST 11284/25.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá fógra tugtha ag Éirinn, le litir an 29 Iúil 2025, gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.

(5) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(6) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] agus thug an Maoirseoir a Thuairim 15/2025 an 24 Iúil 2025[4].

(7) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[3] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

[4] IO C, …, ELI: .

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn maidir le haistriú sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh a fhormheas thar ceann an Aontais[5][+].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha[6].

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

**5** Foilsíodh téacs an Chomhaontaithe in … [cuir isteach an tagairt IO].
\+ Toscaireachtaí/IO: féach doiciméad ST 11284/25, le do thoil.
**6** Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.